C/2025/6215

14.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12156 — ADVENT / SAPIENS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6215)

1. An 31 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Advent International, L.P. agus/nó a chleamhnaithe ('Advent', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú AIC Parent, Inc.;

— Sapiens International Corporation N.V., (in éineacht lena fochuideachtaí, 'Sapiens', Iosrael).

Gheobhaidh Advent rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Sapiens ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh é Advent atá lonnaithe i mBostún na Stát Aontaithe. Díríonn Advent ar bhunanna cothromais a fháil agus ar chistí infheistíochta a bhainistiú in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear cúram sláinte, tionsclaíoch, teicneolaíocht, miondíol, tomhaltóirí agus fóillíocht, agus seirbhísí gnó agus airgeadais.

— Is cuideachta a thrádáiltear go poiblí é Sapiens a bhfuil a scaireanna liostaithe ar Stocmhalartán Tel Aviv agus ar Roghmhargadh Domhanda Nasdaq ('Nasdaq'), a eagraítear faoi dhlíthe Oileáin Cayman agus a bhfuil a cheanncheathrú in Iosrael. Is soláthraí réiteach bogearraí árachais do chuideachtaí árachais é Sapiens.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12156 — ADVENT / SAPIENS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË